

Dáta	Leibhéal Ranga Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin	Ábhar Eolaíocht
Snáithe Ábhair	Snáithaonad Ábhair agus Athrú	
Teideal Culaith Thirim a Dhearadh agus a Dhéanamh do Scuba Steve.		
Cuspóir(i) Roinnt áirithe ábhar atá uiscdhíonach a aithint.		
Scileanna atá Riachtanach Ag obair go heolaíoch: ag cur ceisteanna, ag breathnú, ag tuar, ag imscrúdú agus ag tástáil, ag meas agus ag tomhas, ag anailísiú agus ag cur in iúl.		
<p>Cuspóirí Foghlama</p> <p>Cuirfear ar chumas an linbh:</p> <p>Breathnú ar an ngá atá ag tumadóir scúba le culaith thirim atá uiscdhíonach.</p> <p>Obair a dhéanamh go heolaíoch ina mbeirteanna chun ábhair a thástáil chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil siad uiscdhíonach.</p> <p>A thuar cé acu atá nó nach bhfuil ábhair uiscdhíonach agus na hábhair sin a thástáil ansin chun a fháil amach an raibh an ceart acu.</p> <p>An méid atá faighte amach acu a chur i láthair an ranga ar fad.</p>	<p>Gníomhaíochtaí Foghlama</p> <p>Cur Chuige faoi Threoir an Mhúinteora: Ag tús an cheachta, taispeáin pictiúr de Scuba Steve do na daltaí; mínigh go bhfuil poll ina sheanchulaith thirim, rud a choinníonn é tirim agus é ag tumadóireacht san aigéan. Tá sé ag iarraidh ceann nua a dhéanamh as cineálacha éagsúla ábhar. Tá sé ag iarraidh ar an rang ábhair éagsúla a thástáil chun teacht ar na hábhair a choinneoidh é tirim (i.e. na hábhair atá uiscdhíonach).</p> <p>Labhairt agus Plé: Roinn an rang ina mbeirteanna agus dáil rogha ábhar éagsúil. Iarr ar na beirteanna a thuar cé na hábhair a bheidh uiscdhíonach agus cé na hábhair nach mbeidh uiscdhíonach. Iarr orthu smaoinemh faoin méid de gach ábhar ba chóir dóibh a úsáid. An dóigh leo go bhfuil sé tábhachtach píosaí atá ar cóimhéid le chéile a úsáid do gach ábhar? Tabhair tús eolais do na daltaí faoi choincheap na tástála cothroime.</p> <p>Ábhair a iniúchadh le sairse: Dáil pictiúr lannach amháin den tumadóir</p>	

scúba ar gach beirt. Tabhair bileog shórtála do gach beirt agus mínigh dóibh go gcuirfidh siad gach ábhar i gceann amháin de dhá charn bunaithe ar thorthaí an turgnaimh – carn amháin d’ábhair atá uiscédhíonach agus carn eile d’ábhair nach bhfuil uiscédhíonach. Cuirfidh na leanaí cearnóg ábhair amháin, ceann ar cheann, ar an bpictiúr de Scuba Steve agus titfidh siad 2-3 bhraon uisce ar an ábhar. Bainfear an t-ábhar go cúramach ansin; má tá Scuba Steve fós tirim, cuirfear an t-ábhar sa charn d’ábhair atá uiscédhíonach. Má tá Scuba Steve fliuch, cuirfear an t-ábhar sa charn d’ábhair nach bhfuil uiscédhíonach agus beidh ar na daltaí Scuba Steve a thriomú ansin. Leanfaidh na daltaí ar aghaidh leis an gcleachtadh sin go dtí go mbeidh an tástáil déanta ar gach ceann de na hábhair. Ina dhiaidh sin, déanfaidh na daltaí culaith thirim nua do Scuba Steve ach na píosaí d’ábhair uiscédhíonacha a chur ar an mbileog lannach.

Labhairt agus Plé:

Cuirfidh na beirteanna a dtorthaí i láthair an ranga agus cuirfidh siad síos ar na moltaí atá acu maidir le hábhar na culaithe tirime.

Cur chuige faoi threoir an mhúinteora:

Ag deireadh an ranga, iarr ar na daltaí cur síos a dhéanamh ar an ábhar a bhfuil a gcóta báistí déanta as.

	<p>Acmhainní</p> <p>Pictiúir de thumadóir scúba (faoi iamh). Pictiúr lannach amháin in aghaidh na beirte.</p> <p>Cearnóga ábhar: rolla cistine, scragall stáin, cumhdach bolgóideach, páipéar, agus plaisteach, etc. (Gearrfaidh an múinteoir cearnóga ábhar atá a bheag nó a mhór ar cóimhéid le chéile ar mhaithe le tús eolais a thabhairt faoi choincheap na tástála cothroime).</p> <p>Babhlaí beaga ina bhfuil méid beag uisce.</p> <p>Bileog Shórtála (faoi iamh)</p> <p>Braonaire (ceann amháin in aghaidh na beirte) nó spúnóg (mura bhfuil braonaire ar fáil).</p>
<p>Difreáil</p> <p>Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.</p>	
<p>Measúnú</p> <p>Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir.</p>	
<p>Nascadh agus Comhtháthú</p> <p>Béarla: Iarr ar na daltaí na cineálacha éagsúla ábhar a tástáladh a ainmniú. An féidir leis na daltaí aon chineálacha eile ábhar a ainmniú?</p> <p>Matamaitic: Iarr ar na daltaí líon na n-ábhar a bhí uiscdhíonach agus líon na n-ábhar nach raibh uiscdhíonach a chomhaireamh. Cén cineál a bhí níos coitianta? Scríobh ainm na n-ábhar ar an gclár bán. Iarr ar na daltaí iad a shórtáil ina n-ábhar atá uiscdhíonach agus ina n-ábhar nach bhfuil uiscdhíonach.</p>	



Explorers Education Programme



Bileog Shórtála Scuba Steve

Ábhair atá Uiscédhíonach	
Ábhair nach bhfuil Uiscédhíonach	